



An Garda Síochána

Straitéis um Ilchineálacht & Imeachadh 2019-2021

BROLLACH AN CHOIMISINÉARA	3
GEALLTANAIS EAGRAÍOCHTA	4
RÉAMHRÁ	5
COIREACHT FUATHA	6
TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 1 – AN POBAL A CHOSAINT	7
TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 2 – SONRAÍ	8
TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 3 – ÁR nDAOINE	9
TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 4 – COMHPHÁIRTÍOCHT	10
TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 5 – CUMARSÁID.....	11
FORMÁIDÍ EILE	12
TEAGMHÁIL.....	12





BROLLACH AN CHOIMISINÉARA

Is cúis áthais dom ár Straitéis um Ilchineálacht agus Imeascadh 2019-2021 a chur i láthair. Léirítear sa straitéis seo tiomantas láidir an Gharda Síochána teagmháil réamhghníomhach agus measúil a dhéanamh le baill uile an tsochaí, agus go speisialta, le daoine i ngrúpaí mionlaigh agus de chúlraí ilchineálacha. Mar bhonn agus taca ag an teagmháil sin, beidh ár dtiomantas d'ár gcaighdeán eiticíúla á chur chun cinn agus á dhaingniú mar a leagtar amach iad i gCód Eitice an Gharda

Síochána.

Is cúis eile áthais don Gharda Síochána sainmhíniú oibre ar an gcoireacht fuatha a cur ar fáil, sainmhíniú a shainaithníonn comhdhéanamh reatha phobail na tíre chomh maith leis an gcomhdhéanamh atá ag teacht chun cinn iontu agus tá sé mar aidhm ag an sainmhíniú grúpaí mionlaigh agus grúpaí ilchineálacha uile sa tsochaí a chosaint. Éascóidh an straitéis seo sásraí feabhsaithe um thuairisciú, taifeadadh, imscrúdú agus ionchúiseamh maidir leis an gcoireacht fuatha agus éascóidh sé freisin taifead PULSE a thabhairt isteach le haghaidh teagmhais neamhchoireachta fuatha.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil do na páirtithe leasmhara uile a rinne teagmháil dhearfach leis an nGarda Síochána trí chomhairliúchán, comhairle agus tacaíocht a sholáthar ar bhonn rialta agus an Straitéis seo á forbairt. I measc na bpáirtithe leasmhara sin bhí acadóirí a bhfuil ardmheas orthu a chur go mór le forbairt na gcomhráite maidir leis an gcoireacht fuatha, eagraíochtaí rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Léirítear ionchur na bpáirtithe leasmhara sin, ina n-aonar agus mar ghrúpa, sa Straitéis seo agus táthar ag súil go leanfar ar aghaidh leis na comhpháirtíochta comhoibritheacha sin amach anseo.

Anuas ar obair ár gcomhlachtaí maoirseachta rialála, cuirtear fáilte roimh an mhaoirseacht agus an mhonatóireacht a dhéanfaidh ár bpríomhpháirtithe leasmhara um ilchineálacht i ndáil leis an Straitéis seo, chomh maith lenár dteagmháil leanúnach le daoine aonair agus le pobail. Éascófar an mhonatóireacht seo trí Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Ilchineálacht a bhunú, ina mbeidh ionadaithe ó ghrúpaí páirtithe leasmhara ilchineálacha páirteach. Déanfar athbhreithniú ráithiúil leanúnach ar an Straitéis seo, chomh maith le measúnú deireanach le linn ráithe dheireanach 2021.

Táim ag súil le cur chun feidhme na Straitéise seo ag comhaltaí agus foireann uile an Gharda Síochána sna trí bliana atá romhainn amach agus sár-iarracht á dhéanamh againn go léir chun sochaí níos córa, níos cothroime agus níos measúla a bhaint amach.

Drew Harris
Coimisinéir
An Garda Síochána



GEALLTANAIS EAGRAÍOCHTA

FÍS

Soláthróimid seirbhís póilíneachta atá freagrúil, cothrom agus inrochtana do chách, go speisialta dóibh siúd atá imeallaithe sa tsochaí, grúpaí mionlaigh agus daoine de chúlraí ilchineálacha.

MISEAN

Daoine a Choinneáil Sábháilte

CÓD EITICE AN GHARDA SÍOCHÁNA - MEAS AGUS COMHIONANNAS

- Tabharfaidh mé aitheantas agus meas do dhínit agus cearta daonna cothroma gach duine.
- Caithfidh mé le daoine go cúirtéiseach agus go measúil.
- Caithfidh mé go cothrom le gach duine i gcónaí agus ní dhéanfaidh mé idirdhealú go héagórach.
- Cuirfidh mé i gcoinne aon iompraíochta nó teanga a thaispeánann idirdhealú nó dímheas, go háirithe maidir le daoine leochaileacha nó grúpaí mionlaigh, agus ceisteoidh mé an iompraíocht agus an teanga sin.
- Beidh mé tuisceanach ar na hógaitheachtaí atá ag daoine eile, mar shampla de bharr aoise nó míchumais. Beidh mé tuisceanach ar na cúinsí deacra a d'fhéadfadh a bheith ar daoine aonair agus iad i dteagmháil leis an nGarda Síochána.
- Beidh tuiscint agus comhbhá chuí agam leis na daoine a dtagaim i dteagmháil leo.
- Freastalóidh mé ar na riachtanais ar leith atá ag duine aonair más féidir. Nuair is féidir, déanfaidh mé bearta chun an caidreamh leis an bpobal a fheabhsú, go háirithe an caidreamh le daoine aonair nó le grúpaí nach raibh ach b'fhéidir beagán caidrimh nó caidreamh doiligh acu roimhe sin le seirbhísí póilíneachta.

Samplaí de chúiseanna éagóracha leis an idirdhealú

- | | | |
|--------------------|---------------------------------|-------------------------------|
| - Aois | - Ballraíocht den Lucht Taistil | - Bunús eitneach nó náisiúnta |
| - Míchumas | - Reiligiún | - Claonadh gnéis |
| - Stádas | - Cine | - Neamhchomhréireacht |
| teaghlaigh | | inscne |
| - Inscne | - Dath | - Tuairimí Polaitiúla |
| - Stádas sibhialta | - Náisiúntacht | - Stádas cónaithe |
| | | - Bunús sóisialta |

ALT 42 DEN ACHT UM CHEARTA AN DUINE AGUS COMHIONANNAS 2014

Beidh aird ag comhlacht poiblí, i bhfeidhmiú a dhualgas, ar an ngá atá ann maidir le:

- a) idirdhealú a dhíbirt;
- b) comhionannas i ndeiseanna a bhfoirne agus na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh agus sa chaoi a gcaitear leo a chur chun cinn; agus
- c) cearta daonna a bhfoirne agus na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.



RÉAMHRÁ

Mar chuid de Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána 2019-2021, cuirtear béim láidir ar chearta an duine mar bhonn ó thaobh seirbhísí póilíneachta a sholáthar. De réir ár ndualgas dearfach faoi alt 42 den Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, tá Coimisinéir an Gharda Síochána tar éis gealltanais a thabhairt maidir lenár gcumas um chearta an duine a chothú agus ár dtionscnaimh um ilchineálacht agus imeascadh inmheánach agus seachtrach a chur chun cinn. Is é sin Straitéis sheachtrach an Gharda Síochána um Ilchineálacht agus Imeascadh, straitéis a dhéanfaidh Straitéis inmheánach an Gharda Síochána um Ilchineálacht agus Imeascadh a chomhlánú agus atá á forbairt ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine. Tá sé tábhachtach go mbeidh an dá straitéis ailínithe agus go bhfeidhmeoidh siad ar bhealach comhtháite.

Tagann forbairt na straitéise sin i gcomhthráth le tabhairt isteach 'sainmhíniú oibre ar an gcoireacht fuatha ag an nGarda Síochána chun ár ngealltanais faoin bPlean Póilíneachta a chinntiú, is é sin seirbhís póilíneachta a sholáthar atá dírithe ar an íospartach; dírithe ar dhaoine a choinneáil slán; a dhéanann na daoine is soghonta sa tsochaí a chosaint; agus a dhéanann ardchaighdeán seirbhíse a sholáthar go seasta. Meastar gur garsprioc iontach i dtreo an ghealltanais seo a bhaint amach é an sainmhíniú oibre seo ar an gcoireacht fuatha a thabhairt isteach agus mar sin, tá cuid shuntasach den straitéis seo thar na trí bliana romhainn amach dírithe ar ghnéithe den choireacht fuatha a shainaithint, a thuairisciú, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Chun na gnéithe feabhsaithe sin a dhaingniú, ní mór beartas, treoirlínte, oiliúint agus tacaíochtaí a sholáthar do Ghardaí agus d'Fhoireann an Gharda Síochána. Is gá freisin an teicneolaíocht faisnéise ar chóras PULSE an Gharda Síochána a nuashonrú thar shaolré na straitéise.

Tá an straitéis bunaithe ar chúig phrionsabal straitéiseach ina ndéantar cuspóirí eagraíochta a bhunú agus torthaí inghnóthaithe a shainaithint chun monatóireacht inmheánach agus monatóireacht neamhspleách ar an straitéis a cheadú. Glactar leis go ndéantar tearcthuairisciú faoi láthair ar choireanna i gcoinne daoine imeallaithe agus grúpaí mionlaigh. Léirítear sa straitéis oscailteacht agus toilteanas an Gharda Síochána tuairiscí a fháil maidir le coireanna i gcoinne na ndaoine agus na bpobal seo ionas gur féidir iad a imscrúdú go proifisiúnta. Ba cheart go dtiocfaidh méadú ar thuairisciú na coireachta fuatha mar thoradh ar an straitéis seo agus caithfear a rá gur toradh dearfach é sin.

Tabharfar tacaíocht leis an straitéis seo trí oiliúint chisealaithe um ilchineálacht a thabhairt isteach sa Garda Síochána i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir oiliúna reatha. Tá an oiliúint sin agus rath na straitéise seo ag brath ar chomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara agus pobail.



COIREACHT FUATHA

Sainmhínithe

Coireanna Fuatha

Aon chion coiriúil de réir an íospartaigh nó duine ar bith eile, a spreagtar, go hiomlán nó i bpáirt, as naimhdeas nó réamhchlaonadh, nó atá bunaithe ar aois iarbhír nó ar aois bhraite, ar mhíchumas, cine, dath, náisiúntacht, eitneacht, reiligiún, claonadh gnéis nó inscne.

Teagmhais Fuatha – (Neamhchoireacht)

Aon teagmhas neamhchoireachta, de réir an íospartaigh nó duine ar bith eile, a spreagtar, go hiomlán nó i bpáirt, as naimhdeas nó réamhchlaonadh, nó atá bunaithe ar aois iarbhír nó ar aois bhraite, ar mhíchumas, cine, dath, náisiúntacht, eitneacht, reiligiún, claonadh gnéis nó inscne.

Nótaí Míniúcháin

- Féadfaidh duine aonair, pobal nó institiúid a bheith ina n-íospartach na coireachta fuatha de bhua gaol a bheith acu le grúpa nó le cúlra ar leith.
- Meastar ‘spreagadh’ a bheith ann trí naimhdeas nó réamhchlaonadh a léiriú nó a chur in iúl.
- Leis an téarma *eitneacht*, áirítear ‘Daoine den Lucht Siúil’ agus ‘Romaigh’.
- Leis an téarma *reiligiún*, áirítear ‘neamhchreidmhigh’.
- Leis an téarma *inscne*, áirítear féiniúlacht inscne, duine trasinscneach, idirghnéasach, léiriú inscne agus iniúchadh inscne.
- Is éard atá i gceist le ‘teagmhas’ ná tarlú a thuairiscítear don Gharda Síochána.



TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 1 – AN POBAL A CHOSAINT

Sábháilteacht, folláine agus cearta daoine uile a chosaint, go speisialta pobail mhionlaigh agus imeallaithe agus daoine soghonta.

Cuspóirí

- Muinín pobal mionlach sa Gharda Síochána a chothú d'fhonn feabhas a chur ar rochtain an duine aonair ar sheirbhísí póilíneachta.
- Seirbhís atá sofheicthe, inrochtana agus freagrúil a sholáthar do dhaoine agus pobail uile.
- Comhairle iomchuí maidir le coireacht a chosc a sholáthar do dhaoine de chúlraí ilchineálacha agus grúpaí mionlaigh.
- Imeascadh imirceach agus daoine imeallaithe inár bpobail a chur chun cinn.
- Teagmhais coireachta fuatha a mhonatóiriú, a fhreagairt agus a chosc.
- Daoine a spreagadh agus a éascú chun tuairisciú a dhéanamh ar choireanna fuatha agus neamhchoireanna fuath uile.
- Tacaíocht iomchuí a sholáthar d'íospartaigh na coireachta le linn na gcéimeanna tuairiscithe, imscrúdaithe agus ionchúisimh.

Torthaí

1. Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 a chomhlíonadh.
2. Muinín agus iontaoibh feabhsaithe sa Gharda Síochána i ngach cuid den tsochaí.
3. Seirbhís póilíneachta dírithe ar íospartaigh a thugann tacaíocht d'úsáideoirí uile na seirbhísí, beag beann ar chúlra.
4. Iniúchadh leanúnach a dhéanamh, i gcomhar le pobail atá buailte, ar fheasacht fheabhsaithe maidir le hilchultúrachas, míchumas agus soghontacht an duine aonair.
5. Saoráid tosaigh ar líne a fhorbairt maidir le coireanna fuatha a thuairisciú.
6. Atreoruithe tríú páirtí a thagann ó eagraíochtaí neamhrialtasach nó eagraíochta na sochaí sibhialta agus a bhaineann leis an gcoireacht fuatha a éascú trí Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Ilchineálacht agus Imeascadh.
7. Comhlíonadh le ceanglais arna leagan amach i [gCairt d'Íospartaigh na Coireachta](#) maidir le híospartaigh uile na coireachta chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht d'íospartaigh le linn phróiseas an cheartais choiriúil agus go gcoinnítear ar an eolas iad maidir le dul chun cinn agus toradh a ngearán.



TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 2 – SONRAÍ

A chinntiú go ndéantar sonraí maidir le coireanna fuatha a bhainistiú go héifeachtach agus go cruinn ar bhealach sábháilte, slán agus dlíthiúil, agus meas á léiriú ar phríobháideacht agus cearta na ndaoine uile ag an am céanna.

Cuspóirí

- A chinntiú go ndéantar sonraí uile a bhailiú, a thaifeadadh agus a chur in iúl ar bhealach cruinn, tráthúil, iomlán agus cuntasach.
- Sonraí cruinne agus iontaofa a sholáthar chun bonn eolais a chur le póilíneacht fhaisnéis-bhunaithe.
- An pobal a chur ar an eolas i ndáil le treochtaí agus pátrúin maidir le coireacht fuatha.

Torthaí

1. Treoirínte soiléire a sholáthar do chomhaltaí agus foireann uile an Gharda Síochána maidir le coireanna fuatha agus teagmhais neamhchoireachta fuatha a shainaithint agus a thaifeadadh.
2. Sásra um Theicneolaíocht Faisnéise a fhorbairt chun teagmhais neamhchoireachta fuatha a thaifeadadh chun feabhas a chur ar an bpóilíneacht atá bunaithe ar fhaisnéis agus ar chosc na coireachta.
3. Córas PULSE an Gharda Síochána a nuashonrú chun sásra foláirimh a thabhairt isteach chun béim a chur ar choireanna fuatha.
4. A chinntiú go ndéantar sonraí a thiomsú, a stóráil agus a choinneáil ar bhealach slán sábháilte, i gcomhréir le reachtaíocht an Rialacháin um Shonraí Ginearálta a Chosaint.
5. Tuarascáil an Gharda Síochána um Ilchineálacht a fhoilsiú ar shuíomh idirlín an Gharda Síochána.
6. Méadú ar líon na gcoireanna fuatha a thuairiscítear.
7. Anailísiú ar threochtaí agus pátrúin na gcoireanna fuatha chun freagairtí póilíneachta amach anseo a stiúradh.



TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 3 – ÁR nDAOINE

Forbairt a dhéanamh ar na scileanna agus timpeallacht is gá chun Comhionannas, Ilchineálacht, Imeascadh agus Cearta an Duine a chinntiú i ngach gné den phóilíneacht oibríochtúla.

Cuspóirí

- Tacaíocht, oiliúint agus acmhainní leordhóthanacha a chinntiú chun seirbhís póilíneachta ghairmiúil a sholáthar do phobail agus grúpaí mionlaigh ilchineálach agus aghaidh a thabhairt ar mheonta laistigh den Gharda Síochána a d'fhéadfadh a bheith idirdhealaitheach.
- Treoir agus maoirseacht a sholáthar do ghardaí uile maidir le coireacht a thuairisciú, a thaifeadadh, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.
- Clár oiliúna a fhorbairt le haghaidh Gardaí agus Fhoireann an Garda Síochána chun a n-inniúlacht agus a n-acmhainn a chothú i ndáil le teagmháil níos éifeachtaí agus níos dearfaí a dhéanamh le hinimircigh, teifigh, íospartaigh na coireachta fuatha agus daoine de chúlraí ilchineálacha agus mionlaigh.
- Tacaíocht a thabhairt do chuspóir na Rannóige Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine, daoine cumasacha a dhéanann ionadaíocht ar phobail mionlaigh agus ilchineálacha a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil.

Torthaí

1. Beartas agus nósanna imeachta maidir leis an gcoireacht fuath a fhorbairt agus a eisiúint do chomhaltaí agus foireann uile an Gharda Síochána.
2. Sraith Straitéisí inmheánach um Ilchineálacht a fhorbairt laistigh de Chreat an Gharda Síochána um Póilíneacht Phobail chun tacú leis an nGarda Síochána teagmháil a dhéanamh le daoine de chúlraí ilchineálacha agus mionlaigh agus in imscrúdú agus ionchúiseamh coireanna fuatha.
3. Athbhreithniú a dhéanamh ar chlár oiliúna reatha an Gharda Síochána agus oiliúint saincheaptha a fhorbairt, oiriúnaithe chun freastal ar riachtanais póilíneachta grúpaí agus fo-grúpaí ilchineálacha, agus a thabharfaidh an saineolas agus an muinín do Ghardaí agus d'Fhoireann an Garda Síochána teagmháil phroifisiúnta a dhéanamh le grúpaí mionlaigh agus grúpaí gur deacair teagmháil a dhéanamh leo.
4. Monatóireacht a dhéanamh ar líon na ngearán a bhaineann le hiompraíocht an Gharda Síochána agus ar leordhóthanacht imscrúduithe an Gharda Síochána, ó dhaoine de chúlraí ilchineálacha nó grúpaí mionlaigh.
5. Sainithint a dhéanamh ar na baic atá ar dhaoine de chúlraí ilchineálacha agus mionlaigh a earcú agus a choinneáil mar chomhaltaí nó ball foirne de chuid an Gharda Síochána, nó mar Gharda Cúltaca, agus tús a chur leis an obair chun na baic sin a mhaolú nó a dhíothú.
6. Eolaire ar líne a fhorbairt maidir le cultúir agus cúlraí éagsúla agus foclóir a chur leis ina leagtar amach teanga inghlactha, chun cabhrú le Gardaí agus le Foireann an Gharda Síochána freagairt go hiomchuí do riachtanais daoine de chúlraí ilchineálacha agus pobail mionlaigh.



TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 4 – COMHPHÁIRTÍOCHT

Teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha ar bhealach réamhghníomhach agus ionchuimsitheach chun muinín a chothú agus riachtanais póilíneachta pobal ilchineálach, pobal mionlach agus pobal gur deacair teagmháil a dhéanamh leo a shainaithint.

Cuspóirí

- Caidrimh láidre a chothú agus a choinneáil le príomhpháirtithe leasmhara ó ghrúpaí ilchineálacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.
- Éisteacht le riachtanais póilíneachta pobal uile agus freagairt do na riachtanais sin trí bhreithnithe iomchuí a dhéanamh ar thuairimí, foilseacháin agus tuarascálacha príomhpháirtithe leasmhara agus pleananna póilíneachta a fhorbairt.
- Obair a dhéanamh i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara chun seirbhís póilíneachta comhoibritheach agus éifeachtúil a sholáthar don tsochaí uile.
- Tacú le comhpháirtíochtaí rithabhachtacha trí theagmháil agus rannpháirtíocht a dhéanamh ag gach leibhéal den Gharda Síochána ar bhonn rialta.
- Rannpháirtíocht chuiditheach a dhéanamh le comhlachtaí maoirseachta amhail an tÚdarás Póilíneachta agus Cigireacht an Gharda Síochána maidir le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht oibríochtúla Chreat an Gharda Síochána um Póilíneacht Phobail.
- Comhoibriú a dhéanamh lenár gcomhpháirtithe um Cheartas Choiriúil amhail an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, an tSeirbhís Promhaidh, Seirbhís Príosún na hÉireann agus an tSeirbhís Chúirteanna chun feabhas a chur ar an bpróiseas ceartais coiriúil maidir leis an gcoireacht fuatha.

Torthaí

1. Fóram Náisiúnta an Gharda Síochána um Ilchineálacht a bhunú le hionadaithe ó phobail agus príomhpháirtithe leasmhara chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise seo, ar bhonn ráithiúil.
2. Caidrimh fheabhsaithe le príomhpháirtithe leasmhara ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal náisiúnta.
3. Lá Náisiúnta Comhairliúcháin a reáchtáil le príomhpháirtithe leasmhara mar chuid den phlean póilíneachta agus beartas ilchineálachta agus imeascadh a fhorbairt amach anseo.
4. Sásra a fhorbairt chun a chinntiú go ndéanann an Garda Síochána imthoisc ghéaraitheacha de choireacht fuatha a chur in iúl go héifeachtach do chomhpháirtnéirí ceartais choiriúil le linn an phróisis ceartas choiriúil.
5. Tiomantas, tacaíocht agus cuntasacht leanúnach a léiriú i leith straitéisí Rialtais amhail:
 - Straitéis um Inimircigh a Chomhtháthú 2017 - 2020
 - Straitéis Náisiúnta um Dhaoine faoi Mhíchumais a Ionchuimsiú 2018 - 2021
 - Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Lánpháirtiú an Luchta Siúil agus na Romach, 2017-2021
6. Breithniú gníomhach a dhéanamh ar thuairimí, moltaí agus foilseacháin ó chomhlachtaí maoirseachta agus chomhpháirtnéirí.



TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 5 – CUMARSÁID

Cumarsáid oscailte, macánta, íogair agus measúil a dhéanamh lenár bpobail, comhghleacaithe agus comhpháirtithe uile chun feabhas a chur ar mhuinín agus iontaoibh sa tseirbhís póilíneachta a sholáthraimid do na daoine uile.

Cuspóirí

- Feabhas a chur ar mhuinín pobal agus íospartach na coireachta teagmháil oscailte a dhéanamh leis an nGarda Síochána agus tuairisciú a dhéanamh ar choireacht uile.
- A chinntiú go bhfuil Gardaí agus Foireann uile an Gharda Síochána ar an eolas faoi a bhfreagrachtaí faoi Straitéis an Gharda Síochána um Ilchineálacht agus Imeascadh.
- A chinntiú go bhfuil baill uile an tsochaí, go mór mór daoine de chúlraí ilchineálacha nó mionlaigh, ar an eolas ar thiomantas an Gharda Síochána caitheamh go measúil le gach aon duine agus seirbhís póilíneachta chomhionann agus chothrom a sholáthar do chách.
- Feabhas a chur ar ár gcumarsáid agus ar ár gcaidreamh le príomhpháirtithe leasmhara.
- Seirbhís póilíneachta thrédhearcach, oscailte, chuntasach agus iontaofa a sholáthar do chách.

Torthaí

1. Straitéis an Gharda Síochána um Ilchineálacht agus Imeascadh a fhoilsiú.
2. Sainmhíniú an Gharda Síochána ar an gcoireacht fuatha agus ar theagmhas neamhchoireachta fuatha a fhoilsiú.
3. Tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú maidir leis an ilchineálacht agus coireacht fuath.
4. Baic chumarsáide a laghdú trí ateangairí a bheith á n-úsáid ag an nGarda Síochána de réir mar is cuí.
5. Cumarsáid inmheánach shoiléir, chruinn agus éifeachtach a dhéanamh maidir le beartas agus nósanna imeachta i ndáil le hilchineálacht, imeascadh agus coireacht fuatha.
6. Eolas chun dáta a chur in iúl don phobal agus do phríomhpháirtithe leasmhara trí leas a bhaint as bealaí meán sóisialta, suíomh gréasáin an Gharda Síochána agus teagmháil pearsanta.
7. Feachtais feasachta poiblí a réachtáil i gcomhar le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta maidir le hilchineálacht agus imeascadh.
8. Comhphlé bliantúil agus deis teagmhála a réachtáil le páirtithe leasmhara chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn go dtí seo agus pleanáil don todhchaí a éascú.



FORMÁID EILE

Má cheapann tusa nó aon duine de do phobal gur fearr leo an doiciméad seo a fháil i bhformáid nó i dteanga eile – mar shampla, leagan leictreonach, leagan ar a bhfuil cló mór, leagan Béarla Soiléir, leagan fuaime, nó leagan i dteanga eile seachas Béarla nó Gaeilge - ná bíodh leisce ort dul i dteagmháil linn.

Tá an doiciméad seo le fáil le haghaidh íoslódála freisin ar www.garda.ie sna teangacha seo a leanas: Béarla, Gaeilge, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Portaingéilis, Polainnis, Liotuáinis, Laitvis, Rómáinis, Araibis, Mandairínis agus RúisisL

Ar an gcaoi céanna, cuirtear fáilte roimh aiseolas ar bith maidir leis an Straitéis seo agus is féidir é a chur ar aghaidh chuig na sonraí teagmhála thíosluaite:

SONRAÍ TEAGMHÁLA



Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Ilchineálacht agus Imeascadh
Biúró um Rannpháirtíocht sa Phobal & Sábháilteacht an Phobail
Cearnóg Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 DH42



+353 (0)1 6663150



diversity@garda.ie

Arna pháirtchistiú ag Ciste Slándála Inmheánach an AE Póilíní



An Garda Síochána

Straitéis um Ilchineálacht & Imeascadh 2019-2021

Leathanach | 12